Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15763/25**

**COHAFA 96**
**DEVGEN 220**
**FIN 1431**
**COAFR 329**
**MAMA 270**
**COEST 836**
**RELEX 1534**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta 15/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: ‘Cabhair dhaonnúil an Aontais faoi chianbhainistíocht – is féidir leis beatha daoine a shábháil, ach tá laigí sa chur chuige’<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 20 Samhain 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 15/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: ‘Is féidir le cabhair dhaonnúil an Aontais faoi chianbhainistíocht beatha daoine a shábháil, ach tá laigí sa chur chuige’, mar a formheasadh ag an 4134ú cruinniú den Chomhairle an 20 Samhain 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 15/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Cabhair dhaonnúil an Aontais faoi chianbhainistíocht – is féidir leis beatha daoine a shábháil, ach tá laigí sa chur chuige'**

1. Tugann an Chomhairle dá haire Tuarascáil Speisialta 15/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Cabhair dhaonnúil an Aontais faoi chianbhainistíocht – is féidir leis beatha daoine a shábháil, ach tá laigí sa chur chuige', a eisíodh i mí an Mheithimh 2025, ina ndearnadh measúnú don tréimhse 2019 go 2023 ar chur chuige cianbhainistíochta an Choimisiúin maidir le cabhair dhaonnúil a sholáthar i limistéir a bhfuil sé deacair rochtain a fháil orthu agus na rioscaí lena mbaineann á maolú go cuí ag an am céanna.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle raon feidhme leathan na tuarascála lena gcumhdaítear saolré thionscadal na cabhrach daonnúla, na torthaí sa tuarascáil, lena n-áirítear trí shampla de thíortha, an tSiria, an Úcráin agus an tSomáil, an freagra ón gCoimisiún agus an iarscríbhinn maidir le dea-chleachtais san earnáil. Tugann an Chomhairle dá haire agus is mór aici, a bhuí le cur i bhfeidhm an chur chuige cianbhainistíochta, go gcomhlíonann an Coimisiún a shainordú chun cúnamh daonnúil a chur ar fáil chun beatha daoine a shábháil agus a chaomhnú agus fulaingt na ndaoine a chosc agus a mhaolú, fiú sna comhthéacsanna is deacra.

3. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an fhreagairt dhaonnúil a fhothú ar chur chuige riachtanais-bhunaithe agus aird á tabhairt ar na dúshláin, na rioscaí agus na gníomhaithe éagsúla atá rannpháirteach i ngach cás daonnúil. Trí oibriú le gníomhaithe áitiúla, is féidir a áirithiú go dtabharfar freagairt éifeachtúil ar riachtanais áitiúla agus go rachfar i dteagmháil leis na daoine is leochailí sa tsochaí. Tugann an Chomhairle dá haire gurbh é cleachtas an Choimisiúin le linn na tréimhse a ndearnadh measúnú uirthi gan an cur chuige cianbhainistíochta a úsáid ach mar rogha dheireanach agus go bhfillfí ar chur chuige ina mbeadh cur chun feidhme díreach á dhéanamh ag a chomhpháirtithe daonnúla a luaithe is féidir. Aithníonn an Chomhairle gur mó an riosca a bhaineann ardaithe leis an gcianbhainistíocht i gcásanna casta coinbhleachta, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé bearta iomchuí éifeachtacha a ghlacadh chun na rioscaí sin a mhaolú.

4. Cé gur díol sásaimh di rannchuidiú na gcomhpháirtithe áitiúla maidir le cabhair dhaonnúil a chur chun feidhme, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an chianbhainistíocht fite fuaite le tacaíocht leanúnach fothaithe acmhainneachta, sásraí maoirseachta neartaithe, agus bearta coimirce soiléire, ionas go n-áiritheofar le tacaíocht do ghníomhaithe áitiúla rochtain ar chabhair dhaonnúil i limistéir ar deacair teacht orthu, agus cáilíocht, cuntasacht agus cosaint na dtairbhithe á gcaomhnú. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí rioscaí a chomhroinnt le comhpháirtithe i gcomhréir le Creat um Chomhroinnt Riosca CCIC, ar rannchuidigh an Coimisiún Eorpach leis.

5. Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le láithreacht uathúil an Choimisiúin sa réimse trína líonra fairsing oifigí allamuigh a bhfuil foireann saineolaithe daonnúla acu, go mbaineann buntáistí móra leis an láithreacht sin maidir lena chinnteoireacht a threorú agus go n-áirithítear go ndéantar faireachán cuí ar ghníomhaíochtaí cistithe. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé líonra láidir oifigí allamuigh a choinneáil chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar shocruithe cianbhainistíochta. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun rochtain a fháil ar phobail atá i ngátar i limistéir ar deacair teacht orthu mar atá léirithe sna tíortha a ndearna an Chúirt Iniúchóirí measúnú orthu.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle na ceithre mholadh seo a leanas a rinne an Chúirt Iniúchóirí:

– **feabhas a chur ar an gcur chuige cianbhainistíochta agus ar an treoraíocht lena n-iarrfar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh roimh dheireadh 2026**:

  (a) an chianbhainistíocht agus an chianbhainistíochta pháirteach a shainmhíniú ar bhealach níos fearr ina threoraíocht;

  (b) na rioscaí a bhaineann leis an gcur chuige cianbhainistíochta a neadú níos fearr ina chlár rioscaí agus a straitéis rialaithe a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go dtabharfaidh rialuithe aghaidh go sonrach ar na rioscaí a bhaineann le cianbhainistíocht; agus

  (c) a theimpléid chianbhainistíochta a athdhearadh agus iad a neadú ina chórais TF.

- **an próiseas deimhniúcháin le haghaidh comhpháirtithe eagraíochtaí neamhrialtasacha a neartú, lena n-iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh roimh dheireadh 2026:**

  (a) measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht na gcomhpháirtithe chun a gcomhpháirtithe cur chun feidhme áitiúla a shainaithint, a roghnú, a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh orthu chun formhaoirseacht leormhaith a áirithiú;

  (b) dearbhú réasúnach a fháil ó iniúchóir neamhspleách an chomhpháirtí maidir le hacmhainneacht theicniúil agus riaracháin an cheanncheathrún teaghlaigh, i gcás ina n-úsáideann comhpháirtithe neamhrialtasacha ceanncheathrú teaghlaigh mar chomhpháirtithe cur chun feidhme.

- **faisnéis arna soláthar ag comhpháirtithe ina dtuarascálacha maidir le cianbhainistíocht a fhíorú, lena n-iarrfar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh roimh dheireadh 2025**:

  (a) measúnú a dhéanamh ar na critéir chun cistiú a fhormheas le haghaidh gníomhaíocht chianbhainistithe ar bhonn faisnéis leordhóthanach;

  (b) ar bhonn samplach, cruinneas na faisnéise arna tuairisciú ag comhpháirtithe a fhíorú;

  (c) aiseolas a thabhairt do chomhpháirtithe maidir lena bhfreagraí leantacha agus teimpléid tuairiscithe agus treoraíocht a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina sainaithnítear easnaimh arís agus arís eile.

- **tuairisciú ar chianbhainistíocht do pháirtithe leasmhara, iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh roimh dheireadh 2025**:

  (a) a thuairisciú do pháirtithe leasmhara (tuairisciú bliantúil agus *ad hoc* don Chomhairle agus don Pharlaimint) a dhéanamh níos trédhearcaí trí fhaisnéis maidir le raon feidhme, cistiú agus torthaí na cianbhainistíochta a chur san áireamh.

7. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle na moltaí sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an tuairisciú a shimpliú agus gan ualach iomarcach a chur ar na comhpháirtithe daonnúla lena mbaineann.

8. Thairis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraíonn sé cúnamh airgid, lena n-áirítear an glanluach a fhaigheann tairbhithe (agus costais malartaithe, idirghabhálaithe neamhfhoirmiúla agus srianta margaidh á gcur san áireamh), agus méadrachtaí éifeachtúlachta a áireamh i mbreithmheas tionscadal agus i bhfaireachán le haghaidh cláir mhór-airgid.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún le cur chun feidhme na moltaí uile agus go bhfuil sé tiomanta iad a chur chun feidhme, laistigh de thréimhse ama mar atá leagtha amach ag an gCúirt Iniúchóirí. Is díol sásaimh don Chomhairle na nuashonruithe rialta ar an dul chun cinn; cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag 2025.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tús a chur le machnamh comhpháirteach maidir le Foireann na hEorpa i ndáil le comhchuibhiú chleachtais agus nósanna imeachta dheontóirí an Aontais maidir le cabhair a logánú, chun cur chun feidhme éifeachtach mholtaí na Cúirte Iniúchóirí a áirithiú, ach freisin chun cur leis an obair leanúnach maidir leis an athshocrú daonnúil.